Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15524/23**

**COH 87**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Clabhsúr na clárthréimhse 2014-2020<br>=Seisiún tuairimíochta |

Ag an gcruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta a bhí tiomanta don Bheartas Comhtháthaithe an 30 Samhain seo chugainn, ar bhonn an pháipéir ón Uachtaránacht a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, iarrtar ar na hairí atá i gceannas ar an mBeartas Comhtháthaithe plé a dhéanamh ar na hionstraimí is féidir a fhorbairt chun a áirithiú go n-ionsúfar cistí an Bheartais Comhtháthaithe a mhéid is féidir i bhfianaise dhúnadh na tréimhse 2014-2020 atá ar na bacáin.

<u>**Iarscríbhinn**</u>

**Páipéar cúlra**

**don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomanta don Bheartas Comhtháthaithe**

**'Clabhsúr na clárthréimhse 2014-2020'**

Táimid ag an gcéim dheiridh den phróiseas clabhsúir don tréimhse 2014-2020 faoi láthair, agus is é an 31/12/2023 an dáta deiridh le haghaidh incháilitheachta caiteachais agus is é an 30/06/2024 an fhoirm dheiridh chun caiteachas a dheimhniú agus a dhearbhú. De réir shonraí CE, **an 31/10/2023, b'ionann an ráta cur chun feidhme do AE-27 ina iomláine agus 84%, nach n-áirítear leis ach an caiteachas a dhearbhaigh na Ballstáit cheana féin** (seachas an caiteachas arna thabhú agus arna athbhreithniú go hiarbhír acu).

**A thábhachtaí atá sé na hacmhainní go léir a leithdháiltear** ar na Ballstáit **a ionsú** chun Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) a chur chun feidhme, lena n-áirítear: Le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa — CFRE, Ciste Sóisialta na hEorpa — CSE, an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh — CEMI agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe — CETFT), agus an tionchar atá acu ar an mbunchuspóir agus a chumhdaítear sna Conarthaí maidir le forbairt chothrom agus chomhchuí an Aontais a bhaint amach á chur san áireamh, ní mór na **bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an próiseas clabhsúir leis na ráthaíochtaí cáilíochta is airde**, go háirithe agus anailís á déanamh ar na tionchair shuntasacha sheachtracha a bhí ann le linn chlárthréimhse 2014-2020.

I ndáil leis an méid sin, bhí tionchar mór ag imeachtaí cosúil le paindéim COVID agus an cogadh san Úcráin ar luas chur chun feidhme na gcistí Eorpacha i ngach Ballstát, i bhfianaise chastacht agus uainiú na bpríomhthionscadal infheistíochta arna maoiniú ag CSIE. Thairis sin, tugadh **tréimhse cur chun feidhme níos giorra** do **sheoladh thionscnamh REACT-EU**, a bhí dírithe go sonrach ar acmhainní breise agus creat comhfhreagrach a sholáthar chun tionchar na n-imeachtaí sin ar gheilleagar na hEorpa a chúiteamh.

I ndáil leis an méid sin, tugadh isteach roinnt leasuithe reachtacha eile, d'fhonn tionchar sóisialta agus eacnamaíoch na ngéarchéimeanna sin a mhaolú. Bhí roinnt forálacha i gceist leis na leasuithe sin, forálacha a bhaineann le réamh-mhaoiniú, cómhaoiniú, incháilitheacht leathnaithe nó solúbthachtaí feabhsaithe, a raibh sé mar aidhm shonrach leo cur chun feidhme na gcistí a éascú.

Dá bhrí sin, tá sé inmholta dúinn **tuilleadh feabhais a chur ar na rialacha maidir le bainistiú cistí Eorpacha, go háirithe síneadh a chur leis an tréimhse atá ar fáil chun an t-iarratas deireanach ar íocaíocht eatramhach a chur isteach (i.e. an tréimhse deimhniúcháin sna Ballstáit)**. Go deimhin, **chuirfeadh sé sin feabhas ar an mbainistíocht agus rannchuideodh sé le hionsú acmhainní CSIE a mhéadú trí** níos mó ama a thabhairt chun an chlárthréimhse a dhúnadh.

Ar deireadh, is gá a mheabhrú gur tharla cuid shuntasach de chur chun feidhme CSIE sa chuid dheireanach den chlárthréimhse sna clárthréimhsí éagsúla. Léiríonn sé sin gur gá, i measc athchóirithe eile, próisis bhainistíochta an bheartais comhtháthaithe Eorpaigh a dhéanamh níos solúbtha.

Sa chomhthéacs sin, ba mhaith linn an cruinniú seo den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta atá tiomanta don Chomhtháthú a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar an gceist seo a leanas:

> ***Cad iad na hionstraimí is féidir linn a fhorbairt chun a áirithiú go n-ionsúfar a mhéid is féidir cistí an Bheartais Comhtháthaithe i gcomhthéacs chlabhsúr na tréimhse 2014-2020 atá ar na bacáin, i bhfianaise na n-imeachtaí a ndéantar cur síos orthu?***